OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

# Polasaí agus Nósanna Imeachta/Policies and Procedures

| | |
|---|---|
| **Code** | QA 361 |
| **Title** | Polasaí agus Nós Imeachta maidir le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis |
| **Policy Owner** | An Leas-Uachtarán Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe |
| **Date** | 23ú Deireadh Fómhair 2024 |
| **Approved By** | Údarás |

## 1.0 Cuspóir

An cuspóir atá ag an bpolasaí agus nós imeachta seo creat Ollscoil na Gaillimhe a leagan amach maidir le foréigean gnéis agus ciapadh gnéis (SVH) a chosc, freagairt dó go héifeachtach agus oibriú i dtreo deireadh a chur leis ar champais na hOllscoile agus laistigh de phobal na hOllscoile.

## 2.0 Cur Síos

Aithníonn an Ollscoil a fhorleithne atá SVH sa tsochaí go ginearálta, rud nach bhfuil inghlactha, agus glacann sí leis an ról atá aici mar Institiúid Ardoideachais an cultúr, iompar an duine agus cleachtais a athrú ar ár gcampais agus inár bpobail mar chion don fheachtas deireadh a chur le SVH sa tsochaí níos leithne. Tá clár oibre SVH curtha ar bun agus cuirfear i gcrích é mar seo a leanas:

- Seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil dóibh siúd laistigh de phobal na hOllscoile atá thíos le SVH.
- Freagraí cuí a chinntiú i gcás sáruithe ar an bpolasaí
- Obair chun SVH a chosc (cláir oideachais, feachtais feasachta, measúnú riosca)
- Obair pholasaí (prótacail, polasaithe agus nósanna imeachta diana a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a neadú)
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorleithne SVH trí shonraí a bhailiú agus trí thuairisciú.
- Comhpháirtíochtaí éifeachtacha a fhorbairt (Ceardchumainn, Institiúidí Ard-Oideachais, grúpaí taighde, cumainn, gníomhaireachtaí rialtais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOnna))

## 3.0 Tábla Freagrachtaí

| Ainm | Freagracht |
|---|---|
| Gach duine i bPobal na hOllscoile | A bheith ar an eolas faoin bpolasaí, agus cloí leis Freagrachtaí sonracha breise leagtha amach anseo |
| Údarás na hOllscoile | Freagrachtaí sonracha leagtha amach anseo |
| Foireann Bainistíochta na hOllscoile | Freagrachtaí sonracha leagtha amach anseo |
| An Coiste d'Fhoréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh | Freagrachtaí sonracha leagtha amach anseo |
| An Leas-Uachtarán EDI | Úinéir an Pholasaí |
| Oifig an Leas-Uachtaráin EDI | Freagrachtaí sonracha leagtha amach anseo |
| Oifig Dhéan na Mac Léinn | Freagrachtaí sonracha leagtha amach anseo |
| Oifig an Stiúrthóra Acmhainní Daonna | Freagrachtaí sonracha leagtha amach anseo |
| An Fhoireann maidir le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh | Freagrachtaí sonracha leagtha amach anseo |

| | |
|---|---|
| Bainisteoirí Daoine | Freagrachtaí sonracha leagtha amach anseo |
| Cinn Scoile | Freagrachtaí sonracha leagtha amach anseo |
| Comhaltaí Foirne a oibríonn le Mic Léinn | Freagrachtaí sonracha leagtha amach anseo |
| Iad siúd a bhfuil ról acu i bpolasaí agus nós imeachta SVH | Freagrachtaí sonracha leagtha amach anseo |

**4.0 Cáipéisíocht Ghaolmhar**

Aguisín 1: Polasaí

Aguisín 2: Nós Imeachta

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY



Aguisín 1: Polasaí

UniversityofGalway.ie

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY


| Aguisín 1 | Polasaí | Leathanach |
|---|---|---|
| Cuid 1 | **Léargas ar Pholasaí**<br>Tá eolas sa chuid seo ar<br>1.1 Cuspóir an Pholasaí<br>1.2 Comhthéacs an Pholasaí<br>1.3 Prionsabail an Pholasaí | 3<br><br><br><br>4 |
| Cuid 2 | **Scóip an Pholasaí**<br>Cuirtear síos anseo ar an raon suíomhanna, gníomhaíochtaí agus daoine a bhfuil feidhm beartaithe a bheith ag an bpolasaí seo dóibh | 6 |
| Cuid 3 | **Sainmhínithe agus Téarmeolaíocht**<br>Tugtar eolas sa chuid seo faoi na<br>**3.1 Iompair arb ionann iad agus sáruithe ar an bpolasaí**<br>3.1.1 Ciapadh Gnéis<br>3.1.2 Mí-úsáid laistigh de chaidreamh<br>3.1.3 Foréigean gnéis<br>3.1. 4 Foréigean ar bhonn inscne<br>**3.2 Téarmeolaíocht (soiléiriú maidir leis an téarmaíocht atá in úsáid)** | 8<br><br><br><br><br><br><br>10 |
| Cuid 4 | **Róil agus freagrachtaí**<br>Sanntar freagrachtaí sa chuid seo do raon róil laistigh den Ollscoil i gcomhthéacs an pholasaí seo.<br>Gach duine laistigh de Phobal na hOllscoile<br>Údarás na hOllscoile<br>Foireann Bainistíochta na hOllscoile<br>An Coiste um Fhoréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh<br>Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (OVPEDI)<br>Foireann maidir le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh<br>Oifig an Stiúrthóra Acmhainní Daonna<br>Oifig Dhéan na Mac Léinn<br>Bainisteoirí Daoine<br>Cinn Scoile<br>Comhaltaí foirne eile a oibríonn go díreach le mic léinn (a n-áirítear leo Stiúrthóirí Cláir, Foireann teagaisc/Oifigigh Tacaíochta do Mhic Léinn)<br>Iad siúd a bhfuil ról acu i bPolasaí/Nós Imeachta maidir le Foréigean agus Ciapadh Gnéis | 13 |
| Cuid 5 | **Sonraí – Rúndacht agus Monatóireacht agus Treoir Polasaí**<br>Cuirtear síos sa chuid seo ar na prionsabail polasaí i ndáil le sonraí. | 17 |
| Cuid 6 | **Eile**<br>Tugtar aghaidh sa chuid seo ar phríomh-imthosca eile<br>6.1 An polasaí seo agus an próiseas coiriúil<br>6.2 SVH agus ábhar áiseanna teagaisc, taispeántais ealaíne nó taibhléirithe, nó an t-ábhar sin a chur i láthair<br>6.3 Idirghabháil an duine ar an láthair | 19 |
| Aguisín 2 | **Nós Imeachta** | 21 |
| Cuid 7 | Tá sonraí sa chuid seo maidir leis na próisis atá le húsáid i gcás sáruithe polasaí.<br>7.1 Tacaíocht agus comhairle<br>7.2 Nochtadh a dhéanamh don Ollscoil<br>7.3 Tuairisc a dhéanamh don Ollscoil<br>7.4 Nochtuithe a bhainistiú<br>7.5 Tuairiscithe a bhainistiú faoin bpolasaí seo<br>7.6 Réamhchruinniú Measúnachta (PEM)<br>7.7 Sa chás go n-éilítear imscrúdú<br>7.8 Cinneadh an Imscrúdaithe<br>7.9 Gníomh Breise<br>7.10 Smachtbhannaí | 22 |

# Cuid 1: Léargas ar an bPolasaí

## 1.1 Cuspóir an Pholasaí

Is é an cuspóir atá ag an bPolasaí agus Nós Imeachta seo maidir le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis (Cosc agus Freagairt) (an "**Polasaí**") tiomantas Ollscoil na Gaillimhe a leagan amach maidir le foréigean agus ciapadh gnéis (SVH) a aithint, a chosc, freagairt dó go héifeachtach agus oibriú i dtreo deireadh a chur leis ar champais na hOllscoile agus laistigh de phobal na hOllscoile. Ní ghlacann Ollscoil na Gaillimhe le SVH agus, ag teacht le luachanna na hollscoile agus leis an gcreat náisiúnta chun deireadh a chur le SVH in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann, féachann an Ollscoil le campas a chothú atá idir shábháilte, thacúil, thoiliúil, atruach, dhearfach agus mheasúil.

Nóta maidir le teanga: Tabhair faoi deara go gcuirtear síos ar SVH sa Pholasaí seo, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar roinnt léitheoirí Moltar duit tacaíocht a iarraidh má chuireann aon rud sa Pholasaí seo isteach ort.

Tugtar sainmhínithe polasaí i gcuid 3. Tá tuilleadh eolais faoi théarmaí a bhfuil líne fúthu ar fáil sa ghluais.

## 1.2 Comhthéacs an Pholasaí

Tá freagracht faoin dlí ag gach comhlacht poiblí in Éirinn, faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí i leith Comhionannais agus Chearta an Duine, "Dualgas na hEarnála Poiblí", comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cearta daonna a bhfostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse, mic léinn agus gach duine a ndéanann a bpolasaithe difear dóibh etc. a chosaint. Aithníonn an Ollscoil forleithne doghlactha SVH sa tsochaí go ginearálta agus glacann sí leis an ról atá aici mar Institiúid Ardoideachais an cultúr, iompar an duine agus cleachtais a athrú ar ár gcampais agus inár bpobail mar chion don fheachtas deireadh a chur le SVH sa tsochaí níos leithne.

Agus é ag féachaint le haghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo san Earnáil Ardoideachais, d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann *Slán, Measúil, Tacúil agus Dearfach: Ag cur Deireadh le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann* in 2019. Is ar Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (VPEDI) agus *an Coiste um Fhoréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh* atá an fhreagracht, thar ceann na hOllscoile, as an gcreat a chur chun feidhme agus an clár oibre a chur ar bun. Faigheann an obair seo bonn faisnéise ó pholasaí, straitéis, taighde agus treoir náisiúnta agus na hEorpa agus tá sí á seachadadh ag:

- Seirbhísí tacaíochta á gcur ar fáil dóibh siúd laistigh de phobal na hOllscoile atá thíos le SVH.
- Freagraí cuí a chinntiú i gcás saruithe polasaí
- Obair chun SVH a chosc (cláir oideachais, feachtais feasachta, measúnú riosca)
- Obair polasaí (prótacail, polasaithe agus nósanna imeachta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a neadú)
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorleithne SVH trí shonraí a bhailiú agus trí thuairisciú.
- Comhpháirtíochtaí éifeachtacha a fhorbairt (Ceardchumainn, Institiúidí Ard-Oideachais, grúpaí taighde, cumainn, gníomhaireachtaí rialtais agus eagraíochtaí neamhrialtais (NGOnna))

### 1.3 Prionsabail an Pholasaí

Seo a leanas prionsabail tacaíochta an pholasaí seo:

**Meas dár bPobal** - Féachaint le cinntiú go mbeidh bearta réamhghníomhacha ann chun timpeallacht roinnte a chothú, áit a mbeidh meas ag baill an phobail ar a chéile agus an tsaoirse ag gach duine a gcuid oibre agus staidéir a dhéanamh gan a bheith i mbaol SVH a fhulaingt.

**Tacaíocht dár bpobal** – Féachaint le cinntiú go mbeidh raon tacaíochta speisialta oilte ar fáil ar féidir leat dul chun cainte leo, agus treoir agus tacaíocht a iarraidh uathu. Déanfar na seirbhísí tacaíochta ar fad a phoibliú.

**Cur chuige dearfach** – Iompair dhearfacha a chur chun cinn mar aon le caidrimh atá idir mheasúil agus toiliúil.

**Tacú le Sábháilteacht agus Folláine** – Tréaniarracht a dhéanamh timpeallacht a chothú ina mothaíonn pobal na hOllscoile slán – go fisiciúil agus go mothúchánach, agus go bhfuiltear in ann ábhar imní maidir le foréigean gnéasach agus ciapadh gnéasach (SVH) a léiriú. Cinntiú go n-airíonn daoine aonair sábháilte agus rochtain á fáil acu ar sheirbhísí, agus go bhfuil tacaíocht acu i rith aon phróisis ghaolmhair.

**Ionracas polasaí agus próisis a chinntiú** – Cinntiú go mbeidh polasaithe agus próisis trédhearcadh, go bhforbrófar iad ar bhonn comhairleach, go bhfuiltear bunaithe ar an dea-chleachtas/ar fhianaise agus go ndéanfar iad a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta.

**Díriú ar chosc -** Feasacht a chothú maidir lena forleathan atá SVH agus cultúr an choisc a chur chun cinn trí fheachtais feasachta chuí a chuirtear chun feidhme go comhsheasmhach chomh maith le hidirghabhálacha oideachais.

**An tionchar atá ag SVH ar an duine aonair a aithint** - is é an éifeacht fhéideartha atá ag SVH dínit an duine a shárú agus d'fhéadfadh sé timpeallacht imeaglach, naimhdeach, dímheasúil, náireach nó maslach a chruthú don duine. Tá sé in ann difear a dhéanamh do shláinte an duine agus dá shaol pearsanta agus sóisialta, agus d'fhéadfadh torthaí diúltacha gairmiúla agus oideachais a bheith mar thoradh air.

**Meas a léiriú ar thrasnachas** - tá duine ar bith in ann fulaingt ó SVH beag beann ar inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, creideamh reiligiúnach, aois, míchumas, náisiúntacht nó bunadh eitneach nó náisiúnta ná gur taistealaithe iad. Déanann SVH difear díréireach do mhná, baill den phobal LGBT+ agus iad siúd atá faoi mhíchumas. Aithníonn an Ollscoil an gá atá ann rochtain ar thacaíocht a chur ar fáil do chách agus déanfaidh sí breithniú ar riachtanais éagsúla ár bpobail agus tabharfaidh sí aitheantas do na fachtóirí riosca breise arna gcruthú ag cineálacha leithcheala forluiteacha.

**Feasacht a Chothú** - Eolas an phobail maidir le SVH a chothú trí oideachas, feasacht agus tuairisciú. An teachtaireacht a dhaingniú nach nglacfar le SVH i bPobal na hOllscoile.

## Cuid 2: Scóip an Pholasaí

**2.1** Tá feidhm ag an bpolasaí seo do gach ball de phobal na hOllscoile agus le daoine eile mar a shainmhínítear thíos.

Pobal Ollscoil na Gaillimhe

- Gach fostaí reatha de chuid Ollscoil na Gaillimhe, beag beann ar uaireanta conraithe (FTE), tionacht, suíomh na hoibre nó stádas fostaíochta (comhcheapacháin san áireamh).
- Gach mac léinn cláraithe de chuid Ollscoil na Gaillimhe, idir fhochémithe, iarchéimithe, pháirtaimseartha, lánaimseartha agus PhD.
- Iad siúd a bhfuil ceapacháin Oinigh/Taca nó Emeritus acu.

Eile

- Conraitheoirí agus fochonraitheoirí
- Alumni agus iarfhostaithe
- Díoltóirí Ollscoil na Gaillimhe
- iad siúd a bhíonn i mbun teagmhála leis an Ollscoil agus/nó a chomhlachtaí gaolmhara
- iad siúd a chuireann seirbhísí ar fáil don Ollscoil, Institiúidí comhpháirtíochta san áireamh
- iad siúd a bhaineann leas as seirbhísí agus/nó atá ar cuairt ar an Ollscoil nó aon cheann dá chomhlachtaí gaolmhara
- iad siúd a bhíonn páirteach i gclubanna agus i gcumainn, lena n-áirítear iad siúd a oibríonn go deonach sna comhthéacsanna sin.
- Fostaithe nach fostaithe de chuid na hOllscoile iad a bhaineann úsáid as cistí, áiseanna nó acmhainní eile na hOllscoile, ainm agus clú na hOllscoile san áireamh, chun teagasc agus/nó taighde a dhéanamh, agus/nó a ghlacann páirt i dtaighde atá á riaradh ag Ollscoil na Gaillimhe, agus san áireamh leis sin tá fostaithe ar scor, acadóirí agus taighdeoirí ar cuairt; comhairleoirí, conraitheoirí, comhaltaí foirne ospidéil cleamhnaithe, pearsanra tionscail mar aon le comhaltaí taighde, beag beann ar a n-oibleagáidí do chomhlachtaí nó institiúidí eile;

Is féidir leo siúd faoin gcatagóir 'eile' úsáid a bhaint as an bpolasaí seo más mian leo tuairisc SVH a dhéanamh i gcoinne ball de phobal Ollscoil na Gaillimhe, Sa chás go bhfuil saincheist a bhfuil aghaidh le tabhairt uirthi maidir le hiompar duine acu siúd faoin gcatagóir 'eile' mar atá

sainmhíníthe, rachfar i mbun gnímh de réir an cháis de réir ról/feidhm an duine atá i gceist (mar shampla, d'fhéadfaí an t-ábhar a chur faoi bhráid an eagraíocht ina bhfuil siad fostaithe nó a bhfuil siad ceangailte leis, nó d'fhéadfadh an Ollscoil tabhairt faoi bhearta eatramhacha – Féach 3.2.11).

**2.2** Tá seirbhísí tacaíochta Ollscoil na Gaillimhe infheidhme do bhaill phobal Ollscoil na Gaillimhe.

**2.3** Tá feidhm ag an bPolasaí seo do theagmhais a tharlaíonn:

- Ar ár gcampais
- In áiteanna eile ina bhfuil ár gcuid fostaithe nó mac léinn ag déanamh ionadaíocht thar ceann na hOllscoile nó ag plé le gníomhaíoch a bhaineannn leis an ollscoil.
- Ag imeachtaí cosúil le himeachtaí sóisialta, comhdhálacha, imeachtaí spóirt, turais allamuigh nó tascanna oibre/socrúcháin cúrsa a bhaineann leis an Ollscoil nó ar gníomhaíocht í a bhaineann leis an Ollscoil.
- I ndáil le clubanna/cumainn
- Ag gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí de chuid Ollscoil na Gaillimhe iad ar an gcampas nó in áiteanna eile, agus san áireamh leis sin tá imeachtaí sóisialta ag a mbíonn fostaithe agus mic léinn de chuid Ollscoil na Gaillimhe ag freastal orthu nuair atá tionchar díreach ag an teagmhas líomhnaithe ar na daoine atá i gceist **agus** tá caidreamh leanúnach idir na daoine sin sa timpeallacht ollscoile.

**2.4** Baineann an polasaí seo le hiompar a tharlaíonn i láthair an duine nó trí mhodhanna eile (ar líne, fón)

**2.5** Níl aon teorainn i bhfeidhm leis an tréimhse ama ar féidir tuairisc a dhéanamh don Ollscoil laistigh di. Aithnítear go bhféadfadh moill a bheith ann tuairisc a dhéanamh i ngeall ar nádúr SVH agus an tionchar a bhíonn ag tráma. Glactar leis, áfach, go bhféadfadh moill cur isteach ar chumas na hOllscoile imscrúdú a dhéanamh agus/nó tabhairt faoin ghníomh.

**2.6** Tugtar liosta sainmhínithe i gcuid 3 chun scóip an pholasaí a shoiléiriú.

# Cuid 3: Sainmhínithe agus Téarmeolaíocht

## 3.1 Sainmhínithe ar na hiompair siúd arb ionann iad agus sáruithe den pholasaí.

### 3.1.1 Gnéaschiapadh

Is ionann Ciapadh Gnéis[1] agus aon iompar briathartha, neamhbhriathartha nó fisiciúil, ar iompar gnéasach atá i gceist leis, nach bhfáiltíonn an duine roimhe. Tá sé in ann timpeallacht imeaglach, naimhdeach, dímheasúil, náireach nó maslach a chruthú don duine, agus cineál foréigin ghnéasaigh atá i gceist leis. Is ann do chiapadh gnéis quid pro quo nuair a bhunaítear cinntí maidir le staidéar nó fostaíocht ar ghlacadh le hiompar gnéasach nach bhfuil fáilte roimhe, nó diúltú roimhe. Úsáidtear an téarma 'mí-iompar' ar uairibh in áit ciapadh chun mí-úsáid cumhachta a chur in iúl. D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a bheith i gceist le ciapadh gnéasach, ach ní liosta uileghabhálach atá ann:

a. tráchtaireacht nó claontagairtí gnéis nach bhfáiltítear rompu

b. stalcaireacht

c. comhéigean gnéis

d. cuirí gnéis

e. éilimh ghnéis

### 3.1.2 Mí-úsáid laistigh de chaidreamh[2]

Aon teagmhas nó patrún teagmhas a gcuimsítear leis iompar rialaithe, comhéigneach nó bagrach, nó foréigean nó mí-úsáid eatarthu siúd a bhfuil nó a raibh dlúthchaidreamh eatarthu. D'fhéadfadh mí-úsáid shíceolaíoch, fhisiciúil, ghnéasach, airgeadais agus/nó mhothúchánach a bheith i gceist leis sin.

[1] Gluais - UniSAFE Toolkit (unisafe-toolkit.eu)
[2] Humphreys, C. J., & Towl, G. J. (2020). Addressing student sexual violence in higher education: a good practice guide. Bingley, England: Emerald Publishing.

### 3.1.3 Foréigean gnéis[3]

An sainmhíniú atá déanta ar Fhoréigean Gnéasach ná aon ghníomh neamh-chomhthoiliúil ar de chineál gnéasach é. D'fhéadfaí na hiompair seo a leanas a bheith i gceist le foréigean gnéasach, ach gan a bheith teoranta dóibh:

a. teagmháil ghnéasach a dhéanamh le duine eile gan cead uathu.

b. dul i mbun gnímh ghnéasaigh le duine eile gan cead uathu, nó iarracht a dhéanamh déanamh amhlaidh.

c. orgáin ghnéis, nó íomhánna d'orgáin ghnéis a thaispeáint do dhuine eile gan cead uathu

d. Mí-úsáid Íomhánna Dlúthphearsanta

e. Mí-iompar gnéasach grúpa.

f. Frithbheart

g. Tuairiscí bréagacha nó mailíseacha

h. Comhpháirteachas

### 3.1.4 Fhoréigean ar Bhonn Inscne

Is ionann Foréigean ar Bhonn Inscne[4] agus cineál ar bith dochar a dhéantar i gcoinne duine nó grúpa daoine i ngeall ar a ngnéas nó a ngnéas braite, a n-inscne, a gclaonadh gnéis agus/nó a bhféiniúlacht inscne. San áireamh le Foréigean ar Bhonn Inscne tá foréigean fisiciúil, foréigean gnéasach, foréigean síceolaíoch, foréigean eacnamaíoch agus ciapadh gnéis.

[3] Humphreys, C. J., & Towl, G. J. (2020). Addressing student sexual violence in higher education: a good practice guide. Bingley, England: Emerald Publishing.
[4] UniSafe (2023) *Recommendations for policy – makers towards ending gender-based violence*

## 3.2 Téarmaíocht

**3.2.1 Toiliú** I gcomhthéacs SVH, sainmhínítear toiliú mar chumarsáid toilteanach briathartha nó neamhbhriathartha go bhfuiltear sásta dul i mbun gníomhaíochta ghnéasaigh. Toilíonn duine le gníomh gnéasach má aontaíonn sé nó sí go toilteanach agus go deonach chun dul i mbun an ghnímh sin. Ní ann do thoiliú má tá an duine ina c(h)odladh nó gan aithne gan urlabhra; má bhaintear úsáid as neart, nó go mbagraítear neart; ní féidir leo toiliú mar thoradh ar an éifeacht a bhí ag alcól/druga eile orthu; ní féidir leo toiliú mar gheall ar mhíchumas fisiciúil agus/nó meabhrach/intleachtúil; tá dul amú orthu faoin ngníomh nó faoi chéannacht an duine eile; tháinig an t-aon comhartha toilithe ó thríú páirtí, nó má tá siad faoi choinneáil go mídhleachtach tráth an ghnímh. Ní liosta uileghabhálach é seo, agus úsáidtear na samplaí chun críche léirithe amháin.

Is féidir toiliú a tharraingt siar ag am ar bith, agus níl bac ar dhuine toiliú a tharraingt siar díreach mar gur thug siad toiliú cheana roimhe sin. Ní hionann toiliú do ghníomh díreach mar gur theip ar dhuine cur in aghaidh an ghnímh.

**3.2.2 Nochtadh:** Nuair a roinneann duine eolas le duine eile **go rúnda**, ar duine de phobal na hollscoile an duine sin, go bhféadfaidís a bheith thíos le SVH. Nuair a dhéanann duine nochtadh, tá gach cuid den nochtadh sin **faoi rúin**[5]. Ba cheart gach eolas a thabhairt dóibh siúd a bhfuil nochtadh á dhéanamh acu maidir lena roghanna, agus san áireamh leis sin tá an chaoi tuairisc a dhéanamh. Ba cheart é a dhéanamh soiléir dóibh go bhfuil idir sheirbhísí inmheánacha agus seachtracha ar fáil dóibh, cibé an ndéantar tuairisc nó nach ndéantar

Féach7.2 Nochtadh a Dhéanamh agus 7.4 Nochtuithe a Bhainistiú.

**3.2.3 Túsphointe Teagmhála (FPOC):** baill de phobal na hOllscoile ar féidir le daoine teagmhais SVH a nochtadh dóibh. Tá sároiliúint acu siúd a fheidhmíonn mar Thúsphointe Teagmhála agus tá na scileanna agus an t-eolas acu freagairt go héifeachtach d'aon nochtadh a dhéantar dóibh, agus eolas a chur ar fáil do pháirtí a bhfuil an nochtadh á dhéanamh acu ar na chéad chéimeanna eile.

**3.2.4 Duine teagmhála do theagmhais Foréigin agus Ciaptha Gnéis (SVH)**: Cuirfear daoin teagmhála SVH ar fáil do phobal na hOllscoile chun cabhrú le daoine na nósanna imeachta a bhaineann leis an bpolasaí seo a leanúint. Is é an ról atá acu eolas agus tacaíocht mhothúchánach a sholáthar ar bhealach

[5] D'fhéadfaí srian a chur go dleathach ar cheart an duine ar rúndacht sa chás gurb ann do riosca dóibh féin nó do dhaoine eile nó do leanbh.

rúnda, gan breithiúnas a thabhairt agus gan aon ní a chur ar an taifead **d'aon bhall** de phobal na hOllscoile atá bainteach leis an bpróiseas seo. Tá cur síos níos iomláine ar a ról anseo.

**3.2.5 Bainisteoir maidir le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh (SVHPRM):** Is ar an SVHPRM atá an fhreagracht oibriúcháin as an bpolasaí seo a chur chun feidhme. Tá an duine sin ainmnithe ag an Ollscoil chun glacadh le príomhról maidir le bainistiú tuairiscí SVH a mhaoirsiú. Mar atá le tuiscint ón teideal, beidh idir ghníomhartha coiscthe agus freagartha i gceist leis an ról seo. Beidh ról lárnach agus réamhghníomhach acu i gcothú timpeallacht campais atá idir shábháilte, thoilúil, atruach, chuimsitheach agus mheasúil.

**3.2.6 Tuairisc:** Ráiteas foirmeálta faoi SVH a chuirtear faoi bhráid comhalta foirne Ollscoile a bhfuil an t-údarás aige nó aici próiseas foirmeálta fiosrúcháin a thionscnamh. Déanfar an próiseas foirmeálta a bhainistiú de réir pholasaí na hOllscoile agus na nósanna imeachta a ghabhann leis sin [ní hionann an próiseas seo agus nochtadh]. Féach 7.3 Tuairisc a dhéanamh faoin bpolasaí seo agus 7.5 Tuairiscí a bhainistiú faoin bpolasaí seo.

**3.2.7 Páirtí Tuairiscithe:** Duine a dhéanann tuairisc don Ollscoil ina líomhnaíonn sé nó sí go bhfuil siad thíos le SVH agus go bhfuil tuairisc déanta acu.

**3.2.8 Páirtí Freagartha**: An duine a bhfuil an líomhain déanta ina c(h)oinne go bhfuil SVH déanta aige nó aici agus a bhfuil tuairisc SVH déanta faoi nó fúithi.

**3.2.9 Bainisteoir Cáis:** An duine a bhfuil an tasc sannta air nó uirthi déileáil le tuairiscí foirmiúla SVH. Tá ról ríthábhachtach aige nó aici maidir le bainistiú an phróisis fhoirmiúil. Is páirtí neodrach é/í an bainisteoir cáis sa phróiseas agus ní ghníomhóidh sé/sí le tacú ná le gníomhú thar ceann aon pháirtí a bhfuil baint aige/aici leis an gcás. Tá cur síos níos iomláine ar a ról anseo.

**Cruinniú Réamh-mheastóireachta** Cruinniú a thionólfar tar éis do thuairisc fhoirmeálta SVH a bheith déanta. An aidhm atá ag an gcruinniú sábháilteacht leanúnach na bpáirtithe atá gceist san fhiosrúchán a chinntiú mar aon leis an bpobal níos leithne. Ceann de na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ar an gcruinniú go molfaí bearta eatramhacha. D'fhéadfadh an bainisteoir cáis nó SVHPRM comhairle/treoir a iarraidh i rith an phróisis ón ngrúpa réamh-mheastóireachta sin e.g. sa chás go bhfuil cinneadh le déanamh maidir le cás a chur ar sos/ar athló. Féach 7.6 Cruinniú réamh-mheastóireachta (PEM) chomh maith.

**3.2.11 Bearta eatramhacha**: Gníomhartha sealadacha neamh-bhreithiúnacha iad seo a d'fhéadfadh an Ollscoil tabhairt fúthu ag céim ar bith féachaint le sábháilteacht agus leas gach páirtí atá i gceist san fhiosrúchán a chosaint chomh maith le hionracas an fhiosrucháin a chosaint. Sampla de sin is ea comhaontú nach mbeidh aon teagmháil ann. Is ionann sin agus na páirtithe ag glacadh staonadh ó chumarsáid nó teagmháil ar bith lena chéile. Ní hionann bearta eatramhacha agus pionós nó smachtbhanna, agus ní thugann siad le fios go bhfuil an ollscoil tagtha ar an gconclúid go bhfuil sárú ar pholasaí i gceist. Beidh bearta eatramhacha idir réasúnach agus comhréireach.

**3.2.12 Fiosrúchán a fhaigheann bonn faisnéise ó thráma:** Fiosrúchán a aithníonn an tionchar a bhíonn ag tráma. Féachann an cur chuige seo le tuiscint a fháil ar na héifeachtaí ar fholláine mheabhrach, mhothúchánach agus fhisiciúil agus, a mhéid agus is féidir, gan an tráma atá fulaingthe ag an duine a athbheoú. Beidh sainoiliúint acu siúd atá i mbun fiosraithe maidir le SVH agus tráma.

**3.2.13 Cothrom na Dóchúlachta:** Is é cothrom na dóchúlachta an caighdeán cruthúnais a nglactar leis i bhfiosruchán inmheánach. An chiall atá leis sin ná go gcomhlíonfaidh an teagmhas caighdeán chothrom na dóchúlachta (i.e. go bhfuil sé níos dóchúla gur tharla an teagmhas ná nár tharla) más é tuairim an chinntitheora é, tar éis d'fhiosrúchán a bheith déanta, go bhfuil níos mó ná 50% de sheans gur sáraíodh an polasaí seo.

**3.2.14 Smachtbhanna**: Baintear úsáid as smachtbhanna mar ghníomh araíonachta nuair is é toradh fiosrúchán é go bhfuil sé níos dóchúla ná a mhalairt gur sháraigh an páirtí freagartha an polasaí seo. Beidh na smachtbhannaí a chuirfear i bhfeidhm i gcomhréir le nádúr agus le tionchar an tsáraithe. Féach 7.10 - Smachtbhannaí chun tuilleadh eolais a fháil.

**3.2.15 Measúnú Comhshaoil:** D'fhéadfaí tabhairt faoi mheasúnú comhshaoil spriocdhírithe sa chás go bhféadfadh aird a bheith tarraingthe ag fianaisigh ar threochtaí staitistiúla. Is é réasúnaíocht an mheasúnaithe na saincheisteanna/coinníollacha sin a bhí i gceist laistigh de limistéar a mheas.

**3.2.16** Uirlis is ea **SpeakOut** a mbaineann an Ollscoil úsáid aisti chun sonraí a bhailiú a chabhróidh léi tionscnaimh oideachais agus polasaí a chur i bhfeidhm agus chun thú a threorú i dtreo na seirbhísí tacaíochta a d'fhéadfadh cabhrú leat más cabhair atá uait. Bailítear na sonraí ar bhealach atá go hiomlán anaithnid agus ní bheifí in ann thú a aithint.

## Cuid 4: Róil agus freagrachtaí

Bítear ag súil uainn ar fad mar bhaill de phobal na hOllscoile go bhféachfaimid chuige go bhforbrófar ardleibhéal dínite agus measa inár bpobal éagsúil agus go mbeidh páirt ghníomhach le comhlíonadh againn agus muid ag féachaint le comhshaol sábháilte, measúil agus tacúil a bhaint amach, chomh maith le cultúr atá saor ó SVH.

Sanntar freagrachtaí faoin bpolasaí seo ar raon ról/aonad laistigh den Ollscoil, an bhainistíocht shinsearach san áireamh.

Caitear go dáiríre le haon mhainneachtain na freagrachtaí atá sannta faoin bPolasaí seo a chomhlíonadh agus d'fhéadfaí tabhairt faoi bheart foirmeálta nó neamhfhoirmeálta dá bharr, lena n-áirítear an Cód Iompair do Mhic Léinn QA 616 i gcás mac léinn agus an nós imeachta araíonachta ábhartha (QA 215 nó QA112) i gcás fostaithe.

**Gach duine de chuid Phobal na hOllscoile**

- Caith le gach ball de phobal na hOllscoile a mbíonn teagmháil agat leo le dínit agus le meas i gcónaí, agus bí feasach maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag do ghníomhartha.
- Bí ar an eolas maidir le prionsabail an pholasaí seo, agus do chion a dhéanamh chun cultúr atá dearfach maidir le gnéas a chothú agus atá saor ó SVH trí pháirt a ghlacadh i gcúrsaí oiliúna agus i dtionscnaimh chun feasacht a mhúscailt.
- Cloí le caighdeáin na hOllscoile (luachanna, polasaithe, nósanna imeachta, prótacail agus cóid iompair)
- Má fheiceann tú iompar a thagann faoi shainmhíniú SVH, dar leat, ba cheart é a thuairisciú do do bhainisteoir líne nó don Bhainisteoir SVHPR.
- Tabhair spreagadh do dhuine ar bith a théann i do mhuinín agus a insíonn duit go bhfuil siad thíos le SVH tacaíocht agus treoir a lorg maidir leis na seirbhísí agus na roghanna tacaíochta atá ar fáil.
- Caith le daoine eile ar bhealach measúil nach gcuirfidh do shábháilteacht, sláinte nó leas féin

i mbaol, agus san áireamh leis sin tá na hoibleagáidí faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

**Údarás na hOllscoile**

- An tábhacht a bhaineann le cultúr saor ó SVH a aithint, agus béim a leagan air, agus an cultúr sin a chothú trí straitéisí/polasaí/nósanna imeachta na hollscoile
- Maoirseacht a dhéanamh ar obair an Choiste SVHPR
- Páirt a ghlacadh in oiliúint ábhartha maidir le SVH agus maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú ar bhonn níos leithne.

**Foireann Bhainistíochta na hOllscoile (UMT)**

- Cultúr dearfach dínite agus measa, agus atá saor ó SVH, a chur chun cinn agus a threorú go feiceálach.
- Cinntiú go leithdháilfear dóthain acmhainní chun tacú le cultúr atá dearfach maidir le gnéas agus saor ó SVH, agus san áireamh leis sin tá feachtais oiliúna agus feasachta, agus tacaíocht d'fhostaithe agus do mhic léinn.
- Spreagadh a thabhairt dóibh siúd atá thíos le SVH tacaíocht agus treoir a lorg.
- An treocht maidir le SVH a athbhreithniú uair sa ráithe, agus monatóireacht a dhéanamh ar thuairiscí.
- A bheith i mbun teagmhála leis an gCoiste SVHPR agus le comhlachtaí seachtracha cosúil leis an tÚdarás um Ard-Oideachas i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta an creat náisiúnta a chur chun feidhme.
- Cinntiú go bhfuil líon dóthanach fostaithe i do réimse freagrachta a bhfuil oiliúint faighte acu chun glacadh le nochtuithe.
- Páirt a ghlacadh in oiliúint ábhartha maidir le SVH agus in oiliúint maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú ar bhonn níos leithne.

**An Coiste um Fhoréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh**

- Ceannasaíocht a thabhairt maidir le plé, comhairle agus saineolas a chur ar fáil mar thaca le hiarrachtaí Ollscoil na Gaillimhe an creat náisiúnta agus an clár oibre a chur chun feidhme.

- Cultúr atá dearfach ó thaobh gnéis de, agus saor ó SVH, a chur chun cinn.
- Páirt a ghlacadh in oiliúint ábhartha maidir le SVH agus in oiliúint maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú ar bhonn níos leithne.

**Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (OVPEDI)**

- Úinéir an pholasaí SVH i gcomhpháirtíocht leis an Stiúrthóir AD agus le Déan na Mac Léinn.
- Na sonraí maidir le SVH ó na foinsí éagsúla a mhonatóiriú, tuairisciú orthu agus iad a fhoilsiú, agus tuairiscí staitistiúla a chur i dtoll a chéile agus moltaí a dhéanamh don SVHPRC, Foireann Bhainistíochta na hOllscoile agus Údarás na hOllscoile.
- Tacaíocht a thabhairt don fhoireann SVHPR.

**An Fhoireann maidir le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh**

- Freagrach as an gclár oibre SVH a bhainistiú agus a chur chun feidhme.
- Gníomhaíochtaí a eagrú chun feasacht maidir le SVH a mhúscailt.
- Cúrsaí oiliúna agus oideachais i ndáil le polasaí, toiliú agus SVH a eagrú agus a reáchtáil.
- Tacú le ról an túsphointe teagmhála.
- Tacú le ról an duine teagmhála SVH.
- Maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht tuairiscí foirmeálta faoi sháruithe SVH.
- Beidh ról lárnach agus réamhghníomhach ag an oifig maidir le campas atá idir shábháite, thoiliúil, atruach, chuimsitheach agus mheasúil a chothú.

**Oifig an Stiúrthóra Acmhainní Daonna**

- Comhpháirtí polasaí SVH le hOifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (OVPEDI) agus le Déan na Mac Léinn.
- Sainseirbhísí tacaíochta d'fhostaithe a sholáthar, a athbhreithniú agus a leithdháileadh.
- Tionscnaimh oiliúna agus oideachais d'fhostaithe a chur chun cinn, agus tacú leo
- Oiliúint ábhartha a bheith san áireamh le hionduchtú fostaithe
- Cinntiú go mbeidh gach polasaí/nós imeachta/prótacal d'fhostaithe a bhaineann le SVH oiriúnach dá bhfeidhm agus go mbeidh siad comhlántach leis an bpolasaí seo.

**Oifig Dhéan na Mac Léinn**

- Comhpháirtí polasaí SVH le OVPEDI agus le hOifig an Stiúrthóra AD.
- Sainseirbhísí tacaíochta do mhic léinn a sholáthar, a athbhreithniú agus a leithdháileadh.
- Tionscnaimh oiliúna agus oideachais do mhic léinn a chur chun cinn, agus tacú leo
- Oiliúint ábhartha a bheith san áireamh le hionduchtú mac léinn
- Cinntiú go mbeidh gach polasaí/nós imeachta/prótacal do mhic léinn a bhaineann le SVH oiriúnach dá bhfeidhm agus go mbeidh siad comhlántach leis an bpolasaí seo.

**Bainistíocht Daoine (iad siúd a bhfuil freagrachtaí bainistíochta líne acu d'fhostaithe)**

- Cultúr dearfach dínite agus measa, agus atá saor ó SVH, a chur chun cinn agus a threorú go feiceálach.
- Oibriú leo siúd a bhfuil baint acu le saincheist SVH go réamhghníomhach chun tacú le réiteach saincheisteanna agus chun iompar nach bhfuil inghlactha a stopadh. Comhairle a lorg ó AD nó ón bhfoireann SVHPR i ndáil le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna SVH.
- Spreagadh a thabhairt d'fhostaithe teacht chun cinn agus saincheisteanna a thuairisciú agus tacaíocht a lorg a d'fhéadfadh cabhrú le réiteach saincheisteanna.
- Tabhairt faoi oiliúint chuí agus a bheith in ann an polasaí a mhíniú, agus tacaíocht a thabhairt d'fhostaithe laistigh dá réimse féin.
- Má tá tú in amhras faoi iompar míchuí, iarr ar an Oifig SVHPR tabhairt faoi mheasúnú comhshaoil neamhspleách.

**Cinn Scoile**

- Cultúr dearfach dínite agus measa, agus atá saor ó SVH, a chur chun cinn agus a bheith á threorú go feiceálach.
- Freagairt go híogaireach agus go pras do mhic léinn agus do chomhaltaí foirne a bhfuil aird á tarraingt acu ar shaincheisteanna SVH agus treoraigh i dtreo an tacaíocht atá ar fáil iad.
- Comhairle a lorg ón Oifig SVHPR más gá i ndáil le saincheisteanna a bhfuil aird tarraingthe orthu ag mic léinn agus comhaltaí foirne.
- A bheith ar an airdeall do chomharthaí SVH trí bheith i mbun breathnóireachta agus trí aiseolas

a fháil, agus glacadh le bearta cuí sula dtéann cúrsaí i ndéine.

- Tabhairt faoin oiliúint chuí agus a bheith in ann an polasaí agus an tacaíocht atá ar fáil a mhíniú do mhic léinn agus do chomhaltaí foirne laistigh dá réimse féin.
- Má tá tú in amhras faoi iompar míchuí, is féidir leat measúnú timpeallachta neamhspleách a iarraidh ón Oifigí SVHPR.

**Comhaltaí foirne eile a oibríonn go díreach le mic léinn (lena n-áirítear Stiúrthóirí Cláir, foireann Teagaisc/oifigigh tacaíochtaí do Mhic Léinn**

- Cultúr dearfach dínite agus measa, agus atá saor ó SVH, a chur chun cinn agus a threorú go feiceálach.
- Freagairt go híogaireach agus go pras do mhic léinn a bhfuil aird á tarraingt acu ar shaincheisteanna SVH agus treoraigh i dtreo an tacaíocht atá ar fáil iad.
- Comhairle a lorg ón Oifig SVHPR más gá i ndáil le saincheisteanna a bhfuil aird tarraingthe orthu ag mic léinn.

**Iad siúd a bhfuil ról acu i bpolasaí agus nós imeachta SVH**

- Páirt a ghlacadh in oiliúint ábhartha maidir le do ról faoin bpolasaí/nós imeachta, SVH agus maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú ar bhonn níos leithne.

# Cuid 5 Rúndacht, Sonraí agus Comhlíonadh Polasaí

## 5.1 Rúndacht

Aithníonn an Ollscoil go bhfuil íogaireacht ag baint le cúrsaí SVH agus cinnteoidh sí go gcloífear le rúndacht, más féidir, i rith na bpróiseas nochta, tuairiscithe agus fiosraithe. Ní roinnfear eolas, dá réir sin, de ghnáth ach le daoine aonair nó le haonáin chuí (laistigh nó lasmuigh den Ollscoil e.g. seirbhís comhairleoireachta na mac léinn, sainseirbhísí amhail an tIonad Éigeandála um Éigniú nó an Garda Síochána) le cead an pháirtí tuairiscithe.

I gcúinsí áirithe ina bhfuil an baol ann go ndéanfadh duine díobháil dó/di féin nó do dhaoine eile nó má tá leanbh i mbaol (an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015), féadfar srian a chur go dleathach ar cheart an duine sin chun rúndachta, agus ní mór don Ollscoil a cuid dualgas faoi réir Pholasaithe agus Nósanna Imeachta na hOllscoile a chomhlíonadh i gcomhréir leis na dualgais reachtúla atá uirthi.

Mar a fhoráiltear thuas, ní mór do gach duine a mbaineann an Polasaí seo leo eolas a nochtar dóibh mar chuid den phróiseas a choinneáil faoi rún. Measfar gur sárú ar an bPolasaí é aon eolas a tugadh faoi rún a nochtadh gan chead agus is ar an mbunús sin a chaithfear leis.

Ní chuireann sé seo bac ar na páirtithe a mbaineann an tuairisc leo seirbhísí tacaíochta faoi rún a lorg.

## 5.2 Monatóireacht ar Shonraí

Is den riachtanas é go ndéanfaí monatóireacht ar nochtaí agus ar thuairiscí faoi eachtraí SVH má táthar chun timpeallacht shábháilte thacúil a chruthú agus a bheith trédhearcach maidir le SVH. Déanfaidh an Bainisteoir maidir le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh athbhreithniú ar eachtraí a nochtfar (ar bhonn anaithnid ar Speak Out) agus ar gach tuairisc fhoirmiúil, lena n-áirítear gach gníomh agus gach cinneadh a rinneadh agus gach toradh fiosrúcháin (ar bhonn anaithnid) d'fhonn:

- leibhéal bunlíne sonraí a chruthú.
- a chinntiú gur féidir leis an Ollscoil dóthain tacaíochta, acmhainní agus cúraim a chur ar fáil do pháirtithe a raibh baint acu le heachtraí.
- a chinntiú gur féidir leis an Ollscoil patrúin agus treochtaí a aithint agus an t-eolas sin a úsáid chun bonn eolais a chur faoi straitéisí coiscthe agus freagartha le haghaidh a

thabhairt ar bhunchúiseanna.
- a chinntiú gur féidir leis an Ollscoil cásanna ardriosca a aithint agus feachtais oideachais agus feasachta spriocdhírithe a fhorbairt mar aon le straitéisí coiscthe agus freagartha eile.
- a chinntiú gur féidir leis an Ollscoil cloí le riachtanais tuairiscithe an Údaráis um Ard-Oideachas maidir le SVH.

I rith na bpróiseas ar fad bainfear úsáid as sonraí i gcomhréir leis an bPolasaí Cosanta Sonraí.

**5.3 Treoir maidir leis an bPolasaí**

- Déanfaidh OVPEDI athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar an bPolasaí seo chun a chinntiú go bhfuil sé éifeachtach, chun fadhbanna a aithint agus chun a chinntiú go bhfuil ceanglais reachtaíochta agus pholasaí a bheidh ag teacht chun cinn á gcomhlíonadh.
- Tá míniú níos mine le fáil sa ghluais téarmaí faoi na míreanna a bhfuil líne fúthu.
- Níor cheart go gcuirfeadh aon deacracht a bhaineann le sainmhíniú a dhéanamh ar an rud is SVH ann bac ar chomhalta foirne ná ar mhac léinn gearán a dhéanamh faoi iompar a chuireann as dóibh.

# Cuid 6 Ábhair Eile

## 6.1 An polasaí seo agus fiosrúcháin choiriúla

D'fhéadfadh sé gur cion coiriúil atá i gceist le roinnt cásanna SVH freisin. Tabharfar treoir shoiléir do dhuine a dhéanfaidh líomhain den chineál seo a nochtadh, a lorgóidh comhairle maidir le líomhain den chineál seo a thuairisciú nó a thuairisceoidh líomhain den chineál seo maidir leis na roghanna atá ar fáil dó/di, lena n-áirítear go ndéarfaí leis/léi an t-eolas a chur faoi bhráid an Gharda Síochána.

Má bhíonn an Garda Síochána i mbun próiseas foirmiúil a bhainistiú, féadfaidh an Ollscoil a cás inmheánach a stopadh, nó a chur ar atráth, go dtí go mbeidh an próiseas coiriúil tugtha chun críche. Grúpa an chruinnithe réamh-mheastóireachta a dhéanfaidh an cinneadh maidir leis an gcás a stopadh nó a chur ar atráth bunaithe ar an eolas atá faighte aige ón nGarda Síochána agus ar chomhairle dlí.

## 6.2 SVH agus ábhar nó cur i láthair áiseanna teagaisc, taispeántais ealaíne nó taibhléirithe

Aithnítear go mbíonn ar dhaoine a bhíonn ag teagasc ábhair áirithe amhail teangacha agus litríocht, dlí, bitheolaíocht nó eolaíochtaí sóisialta agus leigheas ábhar a chur i láthair agus a phlé in amanna a bhaineann le gnéas agus le gnéasacht, agus go bhféadfadh sé go gcuirfeadh an t-ábhar seo aiféaltas ar na mic léinn nó go gcuirfeadh sé as dóibh. Cé go bhfuil sé d'oibleagáid ar mhúinteoirí gan a bheith maslach gan údar, caithfear iad a chosaint ar líomhaintí éagóracha SVH bunaithe ar an ábhar atá á phlé. Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach go mbeadh teacht ag baill de phobal na hOllscoile ar thaispeántais ealaíne, ar léiriúcháin drámaíochta agus scannán, agus ar phlé agus ar dhíospóireacht faoi réimse leathan ábhar polaitiúil, cultúrtha agus sóisialta. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go mb'fhéidir nach é an t-ábhar féin a bheadh maslach, ach an bealach a mbeadh sé á phlé. Ní cheadaíonn polasaí na hOllscoile, áfach, ábhar pornagrafach nó ábhar maslach eile a úsáid gan údar.

## 6.3 Ról na bhFianaiseach

Is mór ag an Ollscoil an tábhacht atá le fianaisigh ghníomhacha agus molann sí do dhaoine a fheiceann cineálacha iompair mhíchuí tabhairt faoi ghníomhartha réasúnacha agus sábháilte.

Cuirfidh an Ollscoil ar chumas a cuid mac léinn agus a cuid fostaithe a bheith ina bhfianaisigh ghníomhacha trí oideachas, oiliúint, eolas agus tacaíocht a chur ar fáil.

Molann an Ollscoil do dhaoine a fheiceann eachtraí SVH i bpobal na hOllscoile iad a nochtadh don Ollscoil agus leas a bhaint as na seirbhísí tacaíochta atá liostaithe ar láithreán gréasáin na hOllscoile má theastaíonn cúnamh agus tacaíocht uathu.

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway



# Aguisín 2: Nós Imeachta

# Cuid 7 Nósanna Imeachta Gaolmhara

### 7.1 Tacaíocht agus comhairle

Féadfaidh baill de phobal na hOllscoile teagmháil a dhéanamh le teagmhálaí SVH chun tacaíocht agus/nó comhairle a fháil faoi nithe a bhaineann le SVH. Nuair is cuí, déanfaidh teagmhálaí SVH an méid seo a leanas:

a) daoine a threorú chuig gníomhaireachtaí sainiúla inmheánacha agus seachtracha le saintacaíocht a fháil
b) comhairle a thabhairt maidir le tuairisciú chuig an nGarda Síochána
c) comhairle a thabhairt maidir le tuairisc a dhéanamh don Ollscoil
d) tacaíocht a chur ar fáil duit má chuirtear i do leith gur sháraigh tú polasaí.

**7.1.1** Tá liosta de na seirbhísí tacaíochta atá le fáil ar an gcampas agus taobh amuigh den champas lena n-áirítear seirbhísí comhairleoireachta agus síceolaíochta, seirbhísí sláinte, seirbhísí taobh amuigh d'uaireanta oibre agus línte géarchéime, le fáil ar láithreán gréasáin na hOllscoile.

**7.1.2** Is é SafeZone an aip nua atá deartha againn chun cabhrú leat a bheith sábháilte, agus suaimhneas intinne a bheith agat, agus tú ar champais na hollscoile. Is féidir an aip SafeZone a íoslódáil saor in aisce agus tá sé éasca í a úsáid. Chun í a uaslódáil, téigh chuig Google Play nó chuig App Store agus cuardaigh 'SafeZone'.

### 7.2 Nochtadh a Dhéanamh

Féadfaidh baill de phobal na hOllscoile nochtadh faoi rún a dhéanamh don Ollscoil trí theagmháil a dhéanamh leis na daoine seo a leanas ag brath ar a gcúinsí féin:

a) I gcás aon bhall de phobal na hOllscoile, céadphointe teagmhála ainmnithe.
b) I gcás fostaithe, foireann ainmnithe Acmhainní Daonna (AD) agus/nó a mbainisteoir líne féin.
c) I gcás mic léinn, comhaltaí foirne ainmnithe sa Choláiste/san Institiúid, seirbhís comhairleoireachta na mac léinn, an tséiplíneacht, comhaltas na mac léinn.
d) I gcás fostaithe agus mic léinn, ar líne leis an uirlis Speak Out.

### 7.3 Tuairisc a dhéanamh faoin bpolasaí seo

7.3.1 Is féidir le baill reatha de phobal na hOllscoile tuairisc a dhéanamh, nó is féidir tuairisc a dhéanamh faoi bhaill reatha de phobal na hOllscoile, ach an Fhoirm Thuairiscithe a líonadh.

7.3.2 Is féidir Tuairisc ó 'dhuine eile' faoi bhaill reatha de phobal na hOllscoile a dhéanamh ach an Fhoirm Thuairiscithe a líonadh.

7.3.3 Is féidir Tuairisc a dhéanamh faoi 'dhuine eile' mar seo a leanas:

a) I gcás fostaithe - trí theagmháil a dhéanamh lena mbainisteoir líne, le foireann na hOifige AD, nó leis an oifig SVHPR

b) I gcás mac léinn - trí theagmháil a dhéanamh le foireann ainmnithe an Choláiste/na hInstitiúide, le hOifig Dhéan na Mac Léinn nó leis an oifig SVHPR.

## 7.4 Nochtaí a Bhainistiú

Déanfaidh an Ollscoil gach beart réasúnach chun tacú leis an duine a dhéanfaidh Nochtadh. Aithníonn an Ollscoil go bhféadfadh an chéad nochtadh a bheith ar an gceann is tábhachtaí agus go bhféadfadh tionchar a bheith ag an gcaoi a nglactar leis sin ar chinneadh faoi dhul ar aghaidh agus tuairisc fhoirmiúil a dhéanamh.

7.4.1 Beidh gach Nochtadh faoi rún ach amháin sna cúinsí seo a leanas:

a) más cosúil go bhfuil baol ann do shláinte, do shábháilteacht agus d'fholláine an duine a rinne an nochtadh nó do dhuine nó do dhaoine eile.

b) más cosúil go bhfuil cúis imní ann faoi chosaint nó leas leanaí.

7.4.2 Sa chás go ndéantar Nochtadh agus go bhfuil cúis imní ann, i dtuairim an pháirtí a ndearnadh an nochtadh dó nó di, maidir le 7.4.1 thuas, déanfaidh an páirtí a ndearnadh an Nochtadh dó nó di an Nochtadh i gcás (a) a chur ar aghaidh chuig an Oifig SVHPR; agus an Nochtadh i gcás (b) a chur ar aghaidh chuig an Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe (mar atá leagtha amach i Ráiteas Cosanta Leanaí na hOllscoile).

7.4.3 Má dhéantar Nochtadh do Chéadphointe Teagmhála nó do chomhghleacaí oilte, seo a leanas an t-eolas a chuirfear ar fáil go ginearálta don pháirtí a bhfuil an nochtadh á dhéanamh aige/aici.

a) eolas maidir leis an tacaíocht atá ar fáil don pháirtí a bhfuil an nochtadh á dhéanamh aige/aici

b) eolas maidir le tuairisc a dhéanamh chuig an nGarda Síochána

c) eolas maidir leis an bPolasaí seo.

### 7.5 Tuairiscí a bhainistiú faoin bpolasaí seo.

7.5.1 Déanfaidh an Ollscoil Tuairiscí foirmiúla a bhainistiú más comhalta foirne é/í an páirtí freagartha i gcomhréir leis an bpolasaí seo agus polasaithe, an reachtaíocht, reachtanna agus comhaontuithe ábhartha eile lena n-áirítear QA415-An Cód Iompair d'Fhostaithe.

7.5.2 Déanfaidh an Ollscoil Tuairiscí foirmiúla a bhainistiú más mac léinn é/í an páirtí freagartha de réir an pholasaí seo agus QA 616 Cód Iompair Ollscoil na Gaillimhe do Mhic Léinn

7.5.3 Más fostaí agus mac léinn araon é/í an freagróir, cinnfear sa chruinniú réamh-mheastóireachta (PEM) cé acu ar cheart an Tuairisc a bhreithniú faoi na polasaithe agus na nósanna imeachta a bhfuil feidhm leo maidir le mic léinn, agus/nó faoi na cinn a bhfuil feidhm leo maidir leis an bhfoireann.

7.5.4 Má dhéanann ball de phobal na hollscoile Tuairisc faoi dhuine nach mac léinn ná fostaí de chuid na hOllscoile é:

a) leanfaidh an Ollscoil ar aghaidh leis an gcás más indéanta de réir na gconarthaí/meabhrán tuisceana/meabhrán comhaontuithe atá ann cheana féin.
   má dhéantar Tuairisc maidir le hiompar a tharla ag coláiste, club nó cumann cleamhnaithe sa chás nach ball den Ollscoil é an Páirtí Freagartha, cabhróidh an Ollscoil leis an bPáirtí Tuairiscithe gearán a dhéanamh leis an gcomhlacht/údarás rialaithe cuí, agus féadfaidh an comhlacht/an t-údarás sin fiosrúchán a dhéanamh.

7.5.5 Nuair a bhíonn Tuairisc á fiosrú, cinntí fíorais á ndéanamh agus aon toradh araíonachta (faoin bpolasaí agus faoin nós imeachta cuí) á chinneadh, tugtar cothrom na féinne do gach páirtí maidir le nós imeachta agus le ceartas nádúrtha.

7.5.6 Déanfar gach Tuairisc a bhainistiú agus a chur i gcrích chomh tapa agus is féidir.

7.5.7 Déanfaidh an SVHPRM (nó a (h)ainmní) teagmháil i dtús báire leis an bPáirtí Tuairiscithe maidir leis an Tuairisc atá déanta aige/aici chomh luath agus is féidir ach tráth nach déanaí ná deich lá oibre ón lá a bhfaighfear an Tuairisc. Iarrfar ar an bPáirtí Tuairiscithe freastal ar chruinniú tosaigh le bainisteoir cáis agus déanfar sonraí na Tuairisce a dheimhniú ag an gcruinniú sin. Mura mbeidh an Páirtí Tuairiscithe toilteanach go gcuirfí an Páirtí Freagartha ar an eolas faoi na líomhaintí ina c(h)oinne, ní fhéadfar dul ar aghaidh le fiosrúchán. Cuirfear nóta faoin gcruinniú seo ar fáil don Pháirtí Tuairiscithe

agus iarrfar air/uirthi a dheimhniú cé acu an bhfuil an achoimre cruinn nó nach bhfuil agus a dheimhniú gur mian leis/léi dul ar aghaidh leis an gcás.

7.5.8 Nuair a bheidh an Tuairisc deimhnithe, tabharfaidh an bainisteoir cáis treoir don Bhainisteoir SVHPR an cruinniú réamh-mheastóireachta a thionól a luaithe is indéanta.

7.5.9 Coinneoidh an bainisteoir cáis gach páirtí ar an eolas faoin dul chun cinn atáthar a dhéanamh maidir leis an Tuairisc, lena n-áirítear eolas a thabhairt faoi aon mhoill a d'fhéadfaí a chur ar an gcás. Cuirfidh siad na páirtithe ar an eolas faoi thoradh an fhiosrúcháin a luaithe agus is féidir.

### 7.6 Cruinniú réamh-mheastóireachta (PEM)

Is é/í an VPEDI nó a (h)ainmní a bheidh ina c(h)athaoirleach ar an PEM. Is é cuspóir an chruinnithe measúnú a dhéanamh ar riachtanais tacaíochta, bearta a mholadh chun sábháilteacht leanúnach na bpáirtithe go léir a bhfuil baint acu leis an gcás agus sábháilteacht an phobail i gcoitinne a chinntiú, agus a dheimhniú cé acu an mbeidh fiosrúchán ann nó nach mbeidh. Is é an bainisteoir cáis a dhéanfaidh an **Tuairisc chiorraithe** a chur i láthair. Ní dhéanfar fiosrúchán maidir leis an Tuairisc agus ní bheidh an Páirtí Tuairiscithe nó an Páirtí Freagartha i láthair.

7.6.1 Braithfidh ballraíocht an PEM ar an gcás atá i gceist. Beidh na rannpháirtithe seo a leanas, ar a laghad, ina mbaill de.

| Cás Mic Léinn in aghaidh Mac Léinn | Cás Mic Léinn in aghaidh Comhalta Foirne | Cás Comhalta Foirne in aghaidh Comhalta Foirne |
|---|---|---|
| • Stiúrthóir na Seirbhíse Comhairleoireachta (nó a (h)ainmní)<br>• Bainisteoir SVHPR<br>• An Bainisteoir Cáis<br>• Déan na Mac Léinn (nó a (h)ainmní) | • Stiúrthóir na Seirbhíse Comhairleoireachta (nó a (h)ainmní)<br>• Bainisteoir SVHPR<br>• An Bainisteoir Cáis<br>• Déan na Mac Léinn (nó a (h)ainmní)<br>• Stiúrthóir AD (nó a (h)ainmní) | • Stiúrthóir na Seirbhíse Comhairleoireachta (nó a (h)ainmní)<br>• Bainisteoir SVHPR<br>• An Bainisteoir Cáis<br>• Stiúrthóir AD (nó a (h)ainmní)<br>• An Meabhránaí (nó a (h)ainmní) |

7.6.2 D'fhéadfadh go dteastódh ón PEM comhairle a fháil ó pháirtí seachtrach, e.g. Comhaltas na Mac Léinn, Ionad Éigeandála um Éigniú na Gaillimhe, an tAonad Cóireála d'Ionsaithe Gnéis nó an Garda Síochána.

7.6.3 Beidh an oiliúint chuí ar bhaill an PEM, agus tabharfar aird ar an gcomhdhéanamh inscne.

7.6.4 Déanfar an Tuairisc a mheas ar an gcéad dul síos ag an PEM chun na chéad chéimeanna eile a chinneadh agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh:

- riachtanais agus mianta an Pháirtí Tuairiscithe
- aon oibleagáidí agus aon dualgais eile thairis sin a bhaineann leis an gcás lena n-áirítear oibleagáidí a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht cheirde, dualgas cúraim agus aon oibleagáidí dlíthiúla eile.
- cé acu an bhfuil sláinte nó sábháilteacht an duine a rinne an Tuairisc nó daoine eile i mbaol, nó nach bhfuil
- cé acu an mbaineann an Tuairisc le leanbh, nó nach mbaineann
- cad iad na bearta fiosrúcháin nó eile a d'fhéadfadh an Ollscoil a thionscnamh.
- Aon bhearta eatramhacha a d'fhéadfadh an Ollscoil a thionscnamh.

7.6.5 Mura ndéantar fiosrúchán a thionscnamh, cuirfidh an Ollscoil an cinneadh, agus na cúiseanna atá leis an gcinneadh, in iúl láithreach don Pháirtí Tuairiscithe agus cinnteoidh sí go mbeidh tacaíocht chuí ar fáil dó/di.

## 7.7 Sa chás gur gá fiosrúchán a dhéanamh

7.7.1 Cuirfidh an bainisteoir cáis in iúl don Pháirtí Freagartha go bhfuil Tuairisc déanta agus inseoidh sé/sí dó/di cad iad na cinntí a rinneadh ag an gcruinniú réamh-mheastóireachta.

7.7.2 Tabharfar faoi fhiosrúchán inmheánach nó earcófar saineolaí seachtrach lena dhéanamh, agus ullmhófar Tuarascáil de réir na dTéarmaí Tagartha. Beidh an Tuarascáil ag cloí le Polasaí agus Nós Imeachta cuí na hOllscoile (e.g. QA415-An Cód Iompair d'Fhostaithe agus/nó QA616-Cód Iompair Ollscoil na Gaillimhe do Mhic Léinn, de réir mar is cuí)

## 7.8 Toradh an fhiosrúcháin

Tá trí thoradh ann a d'fhéadfadh a bheith ar fhiosrúchán:

a) Agus breithniú déanta ar nádúr na líomhna atá i gceist, ar an gcomhthéacs iomlán agus ar an bhfianaise a cuireadh i láthair, táthar tagtha ar an gconclúid **gur dóichí ná a mhalairt**, ar

chothrom na dóchúlachta, gur sháraigh an Páirtí Freagartha an polasaí ar na cúiseanna seo a leanas…. **Dá bhrí sin, ní mór gníomh eile a dhéanamh.**

b) Agus breithniú déanta ar nádúr na líomhna atá i gceist, ar an gcomhthéacs iomlán agus ar an bhfianaise a cuireadh i láthair, táthar tagtha ar an gconclúid **gur dóichí ná a mhalairt**, ar chothrom na dóchúlachta, nár sháraigh an Páirtí Freagartha an polasaí ar na cúiseanna seo a leanas…. **Dá bhrí sin, ní gá aon ghníomh eile a dhéanamh.**

c) Féadfaidh an fiosraitheoir, ag brath ar na cúinsí, cinneadh a dhéanamh '**nach bhfuil aon chás ann le freagairt**' sa chás go dtarraingíonn an Páirtí Tuairiscithe Tuairisc siar nó má dhiúltaíonn sé/sí a bheith páirteach san fhiosrúchán.

### 7.9 Gníomh eile

7. 9 (a) Más gá gníomh eile a dhéanamh, cuirfidh an bainisteoir cáis an t-ábhar ar aghaidh le go ndéanfar é a mheas faoin bpróiseas cuí mar atá leagtha amach thíos.

| An Páirtí Freagartha | An Próiseas Cuí | Na chéad chéimeanna eile |
|---|---|---|
| Mac Léinn | • QA 616 An Cód Iompair do Mhic Léinn | Cuirtear faoi Nósanna Imeachta Araíonachta na hOllscoile ag 8.3.1 é. |
| An Fhoireann Acadúil | • QA 125 An Nós Imeachta Araíonachta don Fhoireann Acadúil<br>• An reachtaíocht ábhartha | Ceapann Stiúrthóir AD coiste araíonachta |
| Comhaltaí Foirne nach Comhaltaí Foirne Acadúla iad | • QA112-Nós Imeachta Araíonachta.pdf | Ceapann Stiúrthóir AD painéal araíonachta |

7.9 (b) Féadfaidh ceachtar den dá pháirtí, laistigh de chúig [5] lá ón lá a bhfaighidh siad an Tuairisc agus sula ndéantar aon ghníomh breise (más infheidhme), achomharc a dhéanamh ar thoradh na Tuairisce trí iarratas a dhéanamh go ndéanfadh Ceann Scoile, arna cheapadh ag an PEM, athbhreithniú ar an gcás. Beidh an t-achomharc sin teoranta do na nithe seo a leanas:

(i) easnaimh nóis imeachta líomhnaithe shainráite agus dhoiciméadaithe an fhiosraitheora de bhun na dTéarmaí Tagartha amháin.

(ii) an páirtí atá ag lorg an achomhairc ag cur in iúl go bhfuil eolas aige/aici a bhaineann leis

an bhfiosrúchán, agus cruthúnas doiciméadach den eolas sin a chur ar fáil, ar eolas é nach raibh teacht air (ar chúiseanna bailí sainráite) nuair a bhí an fiosrúchán á dhéanamh, ach atá ar fáil anois.

Déanfaidh an Ceann Scoile a cheapfar athbhreithniú, laistigh de chúig [5] lá ón lá a ndéanfar an fógra achomhairc, ar na forais thuasluaite amháin. Ní chuirfear aon fhorais eile san áireamh san athbhreithniú seachas na cinn atá leagtha amach in 7.9(b).

7.9(c) Beidh an Ceann Scoile a cheapfar i dteideal na Forais Achomhairc a bhreithniú agus an méid seo a leanas a chinneadh:

(i) Nach raibh aon easnaimh ann maidir le nósanna imeachta; nó
(ii) Go gcuirfear an t-eolas doiciméadaithe nua agus/nó breise ar ais chuig an bhfoireann fiosrúcháin chun go ndéanfaidh siadsan é a athbhreithniú agus a mheas.

Cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an Chinn Scoile i leith 7.9. Toradh críochnaitheach a bheidh in aon Toradh athbhreithnithe a chinnfear de bhun an phróisis atá leagtha amach thuas.

## 7.10 Pionóis

Mar seo a leanas a bheidh cinntí a bhaineann le haon phionóis a ghearrfaidh an Ollscoil ar Pháirtí Freagartha de bhun sárú a bheith déanta ar an bPolasaí seo:

Beidh siad i gcomhréir le nádúr agus le tionchar an tsáraithe

Leagfaidh siad an fhreagracht ar an bPáirtí Freagartha as a (h)iompar

Beidh siad ag teacht leis na treoirphrionsabail atá leagtha amach ag cuid 1 den pholasaí seo.

7.10.1 I gcás na mac léinn, d'fhéadfadh raon pionós a bheith i gceist, idir eisiamh ó ghníomhaíochtaí/ó fhoirgnimh/ó chláir agus iad a dhíbirt ón ollscoil

7.10.2 I gcás fostaithe ag gach leibhéal, d'fhéadfadh raon pionós a bheith i gceist, idir rabhadh béil agus duine a bhriseadh as a p(h)ost.

7.10.3 Tá na próisis araíonachta agus pionóis neamhspleách ar Pholasaí agus Nós Imeachta an SVHPR.